



CUMANN AISTRITHEOIRÍ agus ATEANGAIRÍ na hÉIREANN IRISH TRANSLATORS' and INTERPRETERS' ASSOCIATION

BUNREACTH

1. Ainm agus Cineál

- 1.1 Irish Translators' and Interpreters' Association agus Cumann Aistritheoirí agus Ateangairí na hÉireann an t-ainm Béarla agus Gaeilge, faoi seach, a bheidh ar an gCumann, dá dtagrófar "An Cumann" as seo amach;
- 1.2 Eagraíocht ghairmiúil nach ndéanfaidh brabach a bheidh sa Chumann;
- 1.3 Cothóidh an Cumann a chuid gníomhaíochtaí in Éirinn agus in áiteanna eile de réir mar a chinneadh a chuid ball i gCruinniú Ginearálta;

2. Cuspóirí

- 2.1 An t-aistriúchán agus an ateangaireacht a chothú in Éirinn;
- 2.2 Leasanna aistritheoirí agus ateangairí a chosaint;
- 2.3 Comhairle ghinearálta ghairmiúil a chur ar fáil do bhaill;
- 2.4 Cothóidh an Cumann leasanna aistritheoirí agus ateangairí go cothrom;
- 2.5 Caighdeán arda a chothú san aistriúchán agus san ateangaireacht;
- 2.6 Oiliúint phraiticiúil aistritheoirí agus ateangairí a chothú;
- 2.7 Staidéar acadúil an aistriúcháin agus na hateangaireachta a chothú;
- 2.8 Foilsiú aistriúcháin a spreagadh;
- 2.9 Aistriú ar shaothar scríbhneoirí Éireannacha a chothú thar lear;
- 2.10 Aitheantas a chothú don obair a rinne aistritheoirí agus ateangairí in Éirinn go dtí seo;
- 2.11 Teagmháil a chothú le cumainn nó le grúpaí eile aistritheoirí nó ateangairí;
- 2.12 Clár na mBall a fhoilsiú, ina bhfuil mionsonraí maidir le catagóirí ballraíochta agus réimsí speisialtóireachta, arna thabhairt cothrom le dáta nuair is cuí leis an gCoiste Feidhmiúcháin;
- 2.13 Agus na cuspóirí sin á gcur chun cinn aige, glacfaidh an Cumann cúram gan leasanna earnála grúpa faoi leith aistritheoirí ná ateangairí ar bith a

chur chun cinn, ach ag an am céanna cosnóidh sé leasanna mionlaigh;

2.14 Agus na cuspóirí sin á gcur chun cinn aige, gheobhaidh agus coinneoidh an Cumann go dlíthiúil cibé maoin is gá.

3. Cleamhnú agus neamh-chomhghuaillíocht

- 3.1 Beidh an Cumann cleamnaithe leis an Fédération Internationale des Traducteurs/An Cónaidhm Idirnáisiúnta Aistritheoirí (FIT);
- 3.2 Féadfaidh an Cumann, más cuí leis an gCoiste Feidhmiúcháin, cleamhnú le cumainn nó grúpaí eile aistriúcháin nó ateangaireachta cibé in Éirinn nó thar lear;
- 3.3 Cumann neamhpháirtí i gcás na polaitíochta agus neamhsheicteach i gcás an chreidimh a bheidh ann.

4. Ballraíocht

- 4.1 Is é comhlacht rialaithe an Chumainn an bhallraíocht i gCruinniú Ginearálta Bliantúil nó Urghnách;
- 4.2 Beidh ballraíocht an Chumainn oscailte dóibh siúd a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe acu;
- 4.3 Féadfaidh ballraíocht oinigh, ballraíocht ghairmiúil, ballraíocht chomhlach, ballraíocht chleamnach, ballraíocht mhic léinn agus ballraíocht institiúide an Chumainn a bheith ann;
- 4.4 Bíonn cearta comhionanna ballraíochta ag gach ball den Chumann;
- 4.5 Beidh a bhuntáistí agus a fhreagrachtaí féin ag gach cineál ballraíochta arna gcinneadh ag an mballraíocht i gCruinniú Ginearálta agus arna gcur i bhfeidhm ag an gCoiste Feidhmiúcháin;
- 4.6 Aontaíonn agus toilíonn gach ball den Chumann go hintuigthe cloí le 'Cód Cleachtas agus Eitice Gairmiúla' an Chumainn agus, i gcás ateangairí pobail leis an 'gCód Eitice d'Ateangairí Pobail';
- 4.7 Féadfaidh ball ar bith, ach fógra cuí 14 lá thabhairt, a iarraidh ar an Rúnaí ábhar a chur ar

chlár oibre do Chruinniú Ginearálta nó do Chruinniú an Choiste Feidhmiúcháin;

4.8 Déantar cinneadh faoi Bhallraíocht Oinigh ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil, nó, i gcásanna eisceachtúla, de bhun chinneadh an Choiste Feidhmiúcháin, agus féadfar a bronnadh ar dhuine a rinne cion ar leith aistriúcháin nó ateangaireachta go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta;

4.8.1 Maitheann an Cumann táillí bliantúla do bhaill oinigh;

4.9 Dámhfar Ballraíocht Ghairmiúil an Chumainn ar na daoine sin a shásaíonn critéir an Bhuan-Fhochoiste um Ballraíocht Ghairmiúil, agus orthu-san amháin;

4.9.1 Ní bhainfidh ball gairmiúil úsáid as ballraíocht an ITIA mar cháilíocht ghairmiúil ach amháin sna teangacha sin nó sna cóimheascáin teangacha sin a fhaomhfaidh an Buan-Fhochoiste um Ballraíocht Ghairmiúil;

4.9.2 Ní cheadaítear ach do bhall gairmiúil, agus dó/di sin amháin, na ceannlitreacha MITIA a úsáid tar éis a (h)ainme;

4.9.3 Ní cheadaítear ach do bhaill ghairmiúla, agus dóibhsean amháin, scrúdú um Aistritheoir Teastasaithe an ITIA a shuí;

4.9.4 Cé is moite de Bhallraíocht Ghairmiúil agus d'Aistritheoir Deimhnithe an ITIA, ní féidir ballraíocht an Chumainn a úsáid mar cháilíocht ghairmiúil;

4.10 Féadfar ballraíocht chomhlach a bhronnadh ar dhaoine a bhfuil cáilíocht leibhéal 7 ar Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann nó a comhionann acu san aistriúchán agus/nó san ateangaireacht agus/nó i dteangacha nó ar dhaoine a bhfuil cáilíocht leibhéal 7 ar Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann nó a comhionann acu i ndisciplín eile mar aon le taithí chúí aistriúcháin agus/nó ateangaireachta;

4.11 Féadfar ballraíocht chleamhnach a dhámhadh ar dhaoine nach gcomhlíonann riachtanais na gcatagóirí eile ballraíochta ach a bhfuil spéis san aistriúchán agus/nó san ateangaireacht acu;

4.12 Féadfar ballraíocht mhic léinn a dhámhadh ar dhaoine atá ag tabhairt faoi staidéar fochéime i ndisciplín ar bith agus ar dhaoine atá ag tabhairt faoi staidéar iarchéime san aistriúchán nó san teangaireacht;

4.12.1 Ní liostófar baill chleamhnacha ná baill mhic léinn ar Chlár na mBall;

4.13 Féadfar ballraíocht institiúide a dhámhadh ar aonáin agus ar chumainn chultúir agus oideachais;

4.14 Beidh an Bunreacht ar fáil i dtólamh ar shuíomh idirlín an ITIA.

5. Cruinnithe Ginearálta

5.1 Cruinnithe Bliantúla nó Urghnácha a bhíonn i gcruinnithe na ballraíochta;

5.2 Ní mór fógra ocht lá is fiche glan a thabhairt do bhaill i dtaobh gach Cruinnithe.

5.3 Maidir le hathrú ar bith a dhéanamh ar an mBunreacht, ní mór é sin a dhéanamh ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil nó Urghnách agus éileofar móramh dhá thrian móide vóta amháin as measc na mball a bheidh i láthair agus ag caitheamh vóta;

5.4 Sa chás go gceadaítear athrú a dhéanamh ar an mBunreacht, cuirfidh an Rúnaí cóip dhátaithe den leagan nua den Bunreacht ar fáil do bhaill laistigh d'ocht lá is fiche;

5.5 I bhfoirm treorach don Choiste Feidhmiúcháin a dhéanfar rúin a chuirfear faoi bhráid Cruinnithe Ginearálta;

5.6 I bhformáid leictreonach a thabharfar fógra Cruinnithe;

5.7 Cúig bhall déag an córam a bheidh ann do Chruinniú Ginearálta.

6. Rúin

6.1 Tabharfar rúin ó bhaill an Chumainn i scríbhinn don Rúnaí ceithre lá dhéag roimh thionól cruinnithe d'fhonn fógraí cuí a thabhairt do na baill;

6.2 Baill faoi réim a bheidh i láthair a chaithfidh vóta ar rúin;

6.2.1 Vóta amháin in aghaidh gach rúin a bheidh ag ball;

6.2.2 Sa chás go mbeidh comhionannas vótaí i gceist, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gCathaoirleach de réir chuspóirí an chumainn;

6.2.3 Seachas rúin faoin mBunreacht nó faoi smachtbhannaí, déanfar gach rún a phasáil trí mhóramh simplí;

6.2.4 Is trí 'lámha in airde' a ghlacfar vótaí ar rúin nó ar leasuithe, ach féadfaidh ball ar bith rúnballóid a iarraidh, agus sa chás sin ceapfar áiritheoirí;

6.2.5 Maidir le gach rún a phasálfar faoi réir na rialacha seo, beidh feidhm leo láithreach mura luaitear a mhalairt;

6.3 Ní ann do cheart i leith seachvótaí ag Cruinnithe an Chumainn.

7. Cruinniú Ginearálta Bliantúil

7.1 Tionólfar Cruinniú Ginearálta Bliantúil an Chumainn gach bliain i rith mhí Dheireadh Fómhair;

7.2 Ag an gCruinniú sin, cuirfidh an Cathaoirleach agus an Rúnaí Tuairisc Bhliantúil an duine i láthair agus cuirfidh an Cisteoir cuntais bhliantúla iniúchta i láthair;

7.3 Is é ord an ghnó a phléifear ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil:

7.3.1 Oscailt, fáilte agus leithscéalta;

7.3.2 Síniú na bileoige tinrimh;

7.3.3 Miontuairiscí ón gCruinniú Ginearálta Bliantúil deiridh agus nithe arna n-eascairt astu sin;

- 7.3.4 Miontuairiscí ó aon Chruinniú Ginearálta Urghnách a tionóladh i rith na bliana atá faoi chaibidil agus nithe arna n-eascairt astu sin;
- 7.3.5 Tuairiscí Bliantúla ón gCathaoirleach agus ón Rúnaí;
- 7.3.6 Tuairiscí Bliantúla ó Chathaoirligh na bhFochoistí;
- 7.3.7 Cur i láthair na gcuntas bliantúil ag an gCisteoir;
- 7.3.8 Ceapachán na n-iniúcháirí don bhliain dar gcionn a cheadú;
- 7.3.9 Baill an chéad Choiste Feidhmiúcháin eile a thoghadh;
- 7.3.10 Rúin;
- 7.3.11 Aon ghnó eile.

8. Toghcháin

- 8.1 Agus baill á dtoghadh ar an gCoiste Feidhmiúcháin, féachaidh an bhallraíocht ar ionadaíocht a dhéanamh ar réimsí, ar leasanna agus ar chóimheascáin teangacha na gairme;
- 8.2 Reáchtálfar Toghcháin i rith Chruinniú Ginearálta Bliantúil an Chumainn;
- 8.3 Ainmneoidh beirt bhall iarrthóirí don Choiste Feidhmiúcháin;
- 8.4 Ní mór d'iarrthóirí faomhadh a fháil ó dhá thrian móide duine amháin díobh siúd a bheidh i láthair agus a bheidh i dteideal vótála;
- 8.5 Tagann deireadh le ballraíocht Coiste Feidhmiúcháin nuair a fhógraítear torthaí an toghcháin;
- 8.6 Ní mór gur baill an Chumainn le bliain amháin anuas ar a laghad iad oifigigh ionchais.

9. Cruinnithe Ginearálta Urghnácha

- 9.1 Féadfar Cruinniú Ginearálta Urghnách a thionól:
- 9.1.1 faoi rogha an Chathaoirligh;
- 9.1.2 ar iarratas ó bhéal ó cheathrar ball den Choiste Feidhmiúcháin;
- 9.1.3 ar iarratas i scríbhinn ó dheichniúr ball den Chumann;
- 9.2 Tionólfaidh an Coiste Feidhmiúcháin cruinniú den chineál sin laistigh d'ocht lá is fiche ón gcruinniú a bheidh iarrtha;
- 9.3 An Coiste Feidhmiúcháin a chinnfidh am, dáta, ionad agus cineál an fhógra a thabharfar faoi Chruinniú Ginearálta Urghnách;
- 9.4 Tabharfar fógra don bhallraíocht faoi Chlár Oibre an Chruinnithe Ghinearálta Urghnách mar aon le moltóir(i) ainmnithe na rún sonracha;
- 9.5 Pléifidh Cruinniú Ginearálta Urghnách an gnó dá dtionóltar é agus é sin amháin agus ní dhéanfar aon ghnó eile;
- 9.6 Déanfar gach rún a phasáil trí mhóramh dhá thrian móide vóta amháin as measc na ndaoine siúd a bheidh i láthair agus a bheidh i dteideal vótála.

10. An Coiste Feidhmiúcháin

- 10.1 Idir Cruinnithe Ginearálta, bainistíonn Coiste Feidhmiúcháin oifigeach agus bhaill an Choiste an Cumann.
- 10.2 Dháréag ball a bheidh i gCoiste Feidhmiúcháin an Chumainn;
- 10.3 Is iad oifigigh an Chumainn an Cathaoirleach, an Rúnaí, an Cisteoir agus an tOifigeach Caidrimh Phoiblí;
- 10.4 Maidir le gach post ar an gCoiste is post oinigh atá iontu sa mhéid is nach n-íoctar aon tuarastal, táille, luach saothair ná sochar oifige as feidhmiú dhualgais na hoifige;
- 10.5 Beidh an chumhacht ag an gCoiste Feidhmiúcháin baill a chomhthoghadh ar feadh an chuid eile den téarma d'fhonn dháréag ball a choinneáil nó ar mhaithe le tionscadal sonracha a bheadh idir lámha;
- 10.6 Tiocfaidh an Coiste Feidhmiúcháin le chéile go rialta i rith na bliana chun críche gnó an Chumainn a láimhseáil go tráthúil, go héifeachtúil, go héifeachtach agus go cóir;
- 10.7 Íoslíon ceathrar ball a bheidh mar chóram do chruinniú an Choiste Feidhmiúcháin;
- 10.8 Aisíocfar le baill an Choiste aon speansas a thabhaítear go hiomlán, go heisiach agus go riachtanach thar ceann an Chumainn agus arna thabhu le réamheolas agus le réamhchead an Chisteora;
- 10.9 Maidir le haon bhall an Choiste a bheidh as láthair ó thrí Chruinniú Feidhmiúcháin as a chéile gan mhíniú nó leithscéal réasúnach, measfar an ball sin a bheith éirithe as an gCoiste;
- 10.10 Cuirfidh an Rúnaí in iúl do bhall den chineál sin i scríbhinn go bhfuiltear ag glacadh lena (h)éirí as oifig faoi Alt 10.8 agus glacfaidh an Coiste buíochas leis nó léi as an obair a rinne sé nó sí go dtí sin;
- 10.11 Coinneoidh an Coiste Feidhmiúcháin an bhallraíocht ar an eolas trí mheán fógraí tráthúla i bhfoirm leictreonach nó i gcóip chrua de réir mar is cú;
- 10.12 Toghtar ball an Choiste ar feadh tréimhse bliana agus bíonn sé nó sí i dteideal a (h)atofa;
- 10.13 Féadfar rún maidir le síneadh a chur le téarma oifige a dhéanamh lena fhaomhadh ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil;
- 10.14 Tá an chumhacht ag an gCathaoirleach nó ag an Rúnaí nó ag an gCisteoir, agus iad ag síniú i láthair a chéile, conarthaí a shíniú thar ceann an Chumainn faoi réir na ndaingnithe ag an gcéad Chruinniú Ginearálta eile;
- 10.15 Cinnfidh an Cumann a Bhuanorduithe féin, buanorduithe a mbeidh feidhm leo i gcás gach Cruinnithe;
- 10.16.1 Ní féidir le rud ar bith i mBuanorduithe teacht salach ar an mBunreacht seo.

11. Feidhmeanna Bhaill an Choiste Feidhmiúcháin

11.1 An Cathaoirleach

11.1.1 An Cathaoirleach a bhíonn i gceannas ar gach Cruinniú de chuid an Chumainn;

11.1.2 An Cathaoirleach a bheidh freagrach as Tuairisc Bhliantúil an Chathaoirligh a thabhairt chun críche;

11.1.3 Bainfidh an Cathaoirleach úsáid as an oifig chun leasanna an Chumainn a chothú i dtólamh, chun ceannaireacht a sholáthar i gcothú aontachta agus sítheachta laistigh den Chumann;

11.1.4 An Cathaoirleach a bheidh mar urlabhair oifigiúil an Chumainn do chomhlachtaí seachtracha.

11.2 An Rúnaí

11.2.1 An Rúnaí a bheidh freagrach as an gclár oibre, as taifid agus as comhfhreagras an Chumainn;

11.2.2 An Rúnaí a bheidh freagrach as Tuairisc Bhliantúil a chur i láthair;

11.2.3 Chuig an Rúnaí a sheolfar gach comhfhreagras chuig an gCumann, seachas ráitis bhainc, agus cuirfidh an Rúnaí an comhfhreagras sin ar aghaidh chuig an mball cuí, nuair is gá, nó déanfaidh sé nó sí cúram don chomhfhreagras sin é féin nó í féin agus tuairisceoidh sé nó sí don Chumann;

11.2.4 Coinneoidh an Rúnaí clár cruinn de gach ball an Chumainn agus gheobhaidh sé nó sí comhfhreagras i gcóip chrua nó i bhfoirm leictreonach ó bhaill agus seolfaidh sé nó sí comhfhreagras chuig na baill ar na bealaí céanna;

11.2.5 Sa chás nach mbeidh an Cathaoirleach i láthair, is é/í an Rúnaí a dhéanfaidh cathaoirleacht ar chruinniú;

11.2.6 Coinneoidh an Rúnaí taifead scríofa faoi gach imeacht de chuid an Chumainn.

11.3 An Cisteoir

11.3.1 An Cisteoir a choinneoidh leabhair chuí chuntas don Chumann;

11.3.2 Féadfaidh an Cisteoir, ach buiséad na bliana dar gcionn a mheas, athruithe ar tháillí ballraíochta a mholadh ag Cruinniú Ginearálta de réir mar is gá;

11.3.3 Tabharfaidh an Cisteoir cuntas don Chumann faoi shócmhainní an Chumainn;

11.3.4 Infheisteoidh an Cisteoir cibé suimeanna a chinnfidh an Coiste Feidhmiúcháin nó an Cumann;

11.3.5 Cuirfidh an Cisteoir ráiteas iomlán chuntais an Chumainn arna iniúchadh ag beirt bhall den Chumann arna gceapadh de ghnáth ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil roimhe sin i láthair Chruinniú Ginearálta Bliantúil an Chumainn;

11.3.6 An 31 Bealtaine dáta foirceanta bhliain airgeadais an Chumainn.

11.4 An tOifigeach Caidrimh Phoiblí

11.4.1 Eiseoidh an tOifigeach Caidrimh Phoiblí (PRO) preasráitis chuí a mhinice agus a iarrann an Cumann nó an Coiste Feidhmiúcháin;

11.4.2 Féachaidh an PRO le gaolmhaireacht mhaith a chothú leis na meáin chumarsáide agus gach teagmháil de chuid na meán cumarsáide a choinneáil ar an eolas faoi imeachtaí a bheadh ar na bacáin d'fhonn aird a tharraingt ar phróifíl an Chumainn;

11.4.3 Scaipfidh an PRO fógraín agus fógraí faoin gCumann in Éirinn de réir threoir an Choiste Feidhmiúcháin.

11.5 Riarthóir

11.5.1 Féadfaidh an Coiste Feidhmiúcháin riarthóir íoctha a cheapadh d'fhonn taifead a choinneáil ar bhaill nua, ar shuibscríbhinní, d'fhonn scrúduithe a eagrú do Bhallaíocht Ghairmiúil agus d'Aistritheoirí Deimhniithe an ITIA agus d'fhonn aon dualgais eile is cuí a dhéanamh.

12. Fochoistí

12.1 Féadfaidh an Cumann Fochoistí ad-hoc a cruthú ó am go chéile chun feidhmeanna sonracha a dhéanamh;

12.2 Buanchoistí lena gCathaoirligh féin a bheidh san Fhochoiste um Ballraíocht Ghairmiúil agus san Fhochoiste Deimhniúcháin;

12.3 Ball den Chumann a bheidh mar chathaoirleach ar Fhochoiste ar bith arna cheapadh ag an gCoiste Feidhmiúcháin chun críche an chuspóra sin;

12.4 Tuairisceoidh gach cathaoirleach Fochoiste don Choiste Feidhmiúcháin;

12.5 Beidh gach cinneadh agus moladh a dhéanann Fochoistí faoi réir fhaomhadh an Choiste Feidhmiúcháin;

12.6 Cé is moite den Fhochoiste um Ballraíocht Ghairmiúil agus den Fhochoiste Deimhniúcháin agus iadsan amháin, ní rachaidh aon Fhochoiste i mbun comhfhreagrais ach amháin trí Rúnaí an Chumainn;

12.7 Ní cruinnithe ginearálta iad cruinnithe Fochoistí agus bíonn siad teoranta do bhaill an Fhochoiste agus d'oifigigh an Chumainn agus/nó dóibh siúd a dtugtar cuireadh speisialta dóibh a bheith i láthair;

12.8 Eiseoidh an Cumann ó am go chéile téarmaí tagartha d'Fhochoiste;

12.9 Seachas cathaoirleach an Fhochoiste, ní gá gur baill den Choiste Feidhmiúcháin iad na baill eile a beidh ar an bhfochoiste sin;

12.10 Cuirfear aon achomharc i gcoinne cinneadh Fochoiste faoi bhráid an Choiste Feidhmiúcháin sa chéad ásc agus féadfaidh an Coiste Feidhmiúcháin sin cinneadh a dhéanamh an tsaincheist a chur faoi bhráid Boird Eadrána shainiúil ad-hoc de Bhaill an ITIA.

13. Tiomsú Airgid

13.1 Féadfaidh an Cumann ó am go chéile tabhairt faoi ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid agus beidh lántacaíocht gach baill aige ina leith sin;

13.2 Déanfar gach suim airgid a gheofar ó ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid den chineál sin a imdháileadh de réir mar is cuí leis an gCumann;

13.3 Maidir le hairgead a bhronntar ar an gCumann nó a fhaightear de bharr gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid, bainfear úsáid as chun críche na gcuspóirí a luaitear agus nuair a bheidh na cuspóirí sin clúdaithe bainfear úsáid as chun críche shochar ginearálta an Chumainn.

14. Smachtbhannaí

14.1 Tá an chumhacht ag an gCoiste Feidhmiúcháin i gCruinniú Ginearálta smachtbhannaí a leagan ar bhall chomh fada leis an mball sin a chur amach as an gCumann agus é sin san áireamh;

14.2 Féadfaidh tréimhse ama a bheith ag baint le smachtbhanna, is féidir rabhadh ó bhéal a thabhairt, rogha scríofa a thabhairt, ballraíocht a chur ar fionraí agus/nó an ball a chur amach as an gCumann nó meascán de na smachtbhannaí sin nó iad ar fad a bheith i gceist;

14.3 Ní féidir ball den Chumann a chur amach as an gCumann ach amháin de bharr na cúise a bhaineann le neamhshuim a dhéanamh de Bhunreacht an Chumainn nó de Chód Cleachtais ar bith agus/nó de Chód Eitice an Chumainn agus/nó de bharr gnímh a tharraingíonn droch-cháil ar dhea-ainm an Chumainn;

14.4 Nuair is é rún an Choiste Feidhmiúcháin smachtbhanna a ghearradh ar bhall, tionólfaidh an Cathaoirleach cruinniú de thriúr ball an Choiste Feidhmiúcháin agus beidh an ball sin i dteideal freastal ar an gcruinniú sin, labhairt ag an gcruinniú sin agus cluas le héisteacht a fháil;

14.5 Cuirfear an chúis a bhfuil an Coiste Feidhmiúcháin ag cuimhneamh ar smachtbhanna a ghearradh ar an mball in iúl dó/di i scríbhinn ceithre lá dhéag ghlana ar a laghad roimh chruinniú den chineál sin;

14.6 Sa chás go roghnaíonn ball freastal ar chruinniú den chineál sin, féadfaidh an ball ball eile den Chumann a cheapadh nó féadfaidh an Cathaoirleach ball a ceapadh chun labhairt ar a shon nó ar a son;

14.7 Sa chás go roghnaíonn ball gan freastal ar chruinniú den chineál sin, leanfaidh an Cathaoirleach ar aghaidh ag féachaint go cuí do chomhionannas agus do chothrom na féinne agus gníomhartha den chineál sin a chóimheá leis an gá a bhíonn ann sláine agus dea-ainm an Chumainn a chaomhnú;

14.8 Sa chás go gcinntear, tar éis an chruinnithe, an ball a chur ar fionraí, beidh sé de cheart ag an mball achomharc a dhéanamh in éadan an smachtbhanna sin, laistigh de 21 lá ón uair a chuirtear an cinneadh in iúl dó/di, leis an gCoiste Feidhmiúcháin, agus ní bheidh aon dul thar chinneadh an Choiste Feidhmiúcháin;

14.9 Sa chás go gcinntear, tar éis an chruinnithe, an ball a chur amach as an gCumann, beidh sé de cheart ag an mball achomharc a dhéanamh in éadan an smachtbhanna sin, laistigh de 21 lá ón uair a chuirtear an cinneadh in iúl dó/di, leis an gCumann ag Cruinniú Ginearálta;

14.10 Achomharc ar bith a dhéanfar in éadan cinneadh maidir le ball a chur amach as an gCumann, ní mór é a dhéanamh de bhun rúin ag an gCruinniú Ginearálta agus ní mór do dhá thrian móide vóta amháin as measc na mball a bheidh i láthair agus ag caitheamh vóta é a fhaomhadh;

14.11 Beidh an ball ar fionraí nó go mbeidh toradh ar achomharc den chineál sin.

15. Léirmhíniú

15.1 Sa chás go dtagann cúinsí chun cinn, tráth ar bith, nach ndéantar foráil dóibh sa Bhunreacht seo, glacfaidh an Coiste Feidhmiúcháin cibé gníomh is cuí agus is gá dar leis;

15.2 Measfar gníomh den chineál sin a bheith bailí go dtí go ndéanfar é a dhaingniú ag Cruinniú Ginearálta.

16. Slánaíocht

16.1 Beidh gach oifigeach, ball nó fostaí de chuid an Chumainn slánaithe ag an gCumann i gcoinne éilimh;

16.2 Beidh sé de dhualgas ar an gCumann íoc as gach costas, cailteanas agus speansas a thabhoídís aon duine den chineál sin go cuí, nó a mbeidís tabhú costais, cailteanais agus speansais dlite orthu, de bhun aon chonartha a dhéantar go cuí, nó de bharr aon ní a dhéantar i seoladh dualgas go hionraic arna bhfaomhadh go cuí ag an gCoiste Feidhmiúcháin nó ag an gCumann;

16.3 Maidir le méid na slánaíochta a chuirtear ar fáil, ceanglófar é, chomh fada agus is féidir ag féachaint do chistí an Chumainn, láithreach ina lian le maoin agus sócmhainní an Chumainn, agus tabhafar tosaíocht dó thar gach éileamh eile.

17. Fógraí

17.1 Maidir le gach fógra nó comhfhreagras chuig baill arna n-éileamh nó arna gceadú ag an mbunreacht seo, déanfar iad a sheoladh chuig an seoladh is déanaí a chuir an ball áirithe sin ar fáil don Chumann;

17.2 Déanfar gach fógra agus comhfhreagras den chineál sin san fhormaid agus ag na hamanna a

mheasann an Coiste Feidhmiúcháin a bheith cuí ach amháin sa chás go bhfuil a mhalairt i gceist leis anseo;

17.3 Is ar na baill aonair atá an fhreagracht as a chinntiú go bhfuil a mionsonraí pearsanta féin i dtaifid an Chumainn agus ina fhoilseacháin agus ina meáin leictreonacha cruinn agus cothrom le dáta;

17.4 Beidh sé d'údarás ag an gCumann mionsonraí ball aonair a chur san áireamh ina fhoilseacháin agus ina mheáin leictreonacha ach amháin sa chás go dtreoraíonn ball áirithe a mhalairt;

17.5 Ní bheidh an Cumann freagrach as aon chumarsáid ábharthach nó teileafóin nár iarradh a dhéantar le baill a bhíonn san áireamh ina liostaí foilsithe.

Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair 2015